

BUAN ORDAITHE CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

Prótacal maidir le Freastal an Phobail ag Cruinnithe Comhairle

Déanann Buanordaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe, mar atá glactha leo ag an gComhairle, rialú ar Chruinnithe agus Gnó agus Imeachtaí Chruinnithe na Comhairle.

Pléann Buanordaithe 56 - 59 le ceart an phobail freastal ar Chruinnithe na Comhairle.

Luann Buanordú 57 :

'Beidh baill don phobal ina suí agus coinneoidh ciúin agus tabharfaidh aird ar aon treoracha tugtha ag an gCathaoirleach nó ag ball foirne atá i láthair. Tá freagracht ar a leithéid de bhaill foirne as feidhmiú gach beart gur gá chun ord agus deá iompar a choinneáil taobh istigh agus mórthimpeall Sheomra na Comhairle.

Má chuireann ball don phobal isteach ar an gcruinniú ag aon am nó go ndéanann iarracht, gan cead an Chathaoirleach labhairt leis an gcruinniú, tabharfaidh an Cathaoirleach rabhadh dó nó di agus má leanann an cur isteach ar aghaidh ordóidh gur dtógtar an duine sin amach.'

Is chun cabhrú le Cathaoirleach agus baill foirne na Comhairle atá an Prótacal seo, i gcoinneál ord agus deá iompar taobh istigh agus mórthimpeall Sheomra na Comhairle mar atá riachtanach i mBuanordú 57.

Tá fáilte roimh baill an phobail freastal ar Chruinnithe na Comhairle agus spreagtar iad chun freastail.

Leanfaidh an Comhairle, laistigh den spás teoranta atá ar fáil, ag áisiú an deis freastal ar Chruinnithe na Comhairle an mhéid is mó gur féidir.

Chun cead isteach a chinntiú, de bharr an spás teoranta atá ar fáil, beidh na socraithe seo leanas i bhfeidhm:

- Cuirfear iarratas freastail chuig Riarthóir na gcruinnithe, ar a laghad 4 lá roimh lá an chruinnithe trí a n-ainm agus uimhir gutháin a chuir isteach.
- Beidh baill an phobail i láthair ag an gcruinniú ar a laghad 10 nóiméad roimh an am atá ainmnithe chun tús a chuir leis an gcruinniú agus síneoidh gealltanas go gcomhlíonfar Buanordaithe agus Prótacail na Comhairle, chomh maith le aon treoracha a thugann an Cathaoirleach agus ball foirne a bheadh i láthair, nó go dtabharfar a náit do iarratasóir eile nó duine eile a thagann chuig an gcruinniú.
- Beidh an mhéid daoine a ligtear isteach de réir an mhéid áit suí atá ar fáil laistigh do Sheomra na Comhairle atá leagtha amach lena n-úsáid ag baill an phobail ag aon Chruinniú de chuid na Comhairle.

Suífidh baill an phobail i bpáirteanna Sheomra na Comhairle atá leagtha amach dá n-úsáid, fanfaidh ina suí agus ní ghlacfaidh páirt ná ní chuirfidh isteach ar na himeachtaí.

Ní féidir ceamaraí d'aon chineál ná fearais taifeadta fuaime nó cumarsáide a úsáid, gan cead na Comhairle a bheith faighte roimh réidh. Tá cosc ar úsáid fóin póca.

Ní dhéanfar aon teagmháil le agus ní aistreofar aon ábhar nó nótaí idir baill an phobail agus Comhairleoirí Contae. Tá cosc ar aon chineál Plaiceaird, bratacha nó comharthaí in Áras an Chontae.

Tabharfaidh baill an phobail aird ar aon treoracha a thabharann an Cathaoirleach nó ball foirne atá i láthair do chuspóir ord agus deá iompar a choinneáil taobh istigh agus mórthimpeall Sheomra na Comhairle agus fágfaidh Seomra na Comhairle, bunaithe ar threoir é sin a dhéanamh tugtha ag an gCathaoirleach nó ball foirne atá i láthair.

Tiocfaidh an prótacal seo, taréis dó a bheith ceadaithe ag Grúpa Polasaí Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag a gcruinniú den 17 Eanáir 2012, i bhfeidhm ar an agus taréis an 23 Eanáir 2012.